



C/2026/1801

18.3.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12332 – SK CAPITAL / SWIXX BIOPHARMA)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/1801)

1. An 9 Márta 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- SKES Investment 17 S.à.r.l. (Lucsamburg), faoi rialú indíreach SK Capital, L.P. ('SK Capital', na Stáit Aontaithe),
- Swixx Biopharma Holding AG (in éineacht lena fhochuideachtaí 'Swixx Biopharma', an Eilvéis).

Gheobhaidh SK Capital rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Swixx Biopharma ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is gnólacht infheistíochta príobháideach é SK Capital atá bunaithe sna Stáit Aontaithe agus atá dírithe ar na hearnálacha ábhar speisialtachta, ceimiceán agus cógaisíochta. Tá sé gníomhach ar fud an domhain trína chuideachtaí punainne, agus díríonn sé go háirithe ar Mheiriceá Thuaidh, ar LEE, ar an Meánoirthear agus ar an Astráil,
- Tá Swixx Biopharma gníomhach den chuid is mó i dtráchtálú agus i ndáileadh táirgí cógaisíochta dáileoige críochnaithe le haghaidh cuideachtaí cógaisíochta tríú páirtí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12332 — SK CAPITAL / SWIXX BIOPHARMA

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

⁽²⁾ IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
